Lúnasa 2024 QP 25/IEM 01 © QQI

# BEARTAS QQI.

## Cód Cleachtais maidir le Cláir Ardoideachais a Sholáthar d’Fhoghlaimeoirí Idirnáisiúnta

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
Quality and Qualifications Ireland

QQI, gníomhaireacht chomhtháite na cáilíochta agus na gcáilíochtaí in Éirinn

# Cód Cleachtais chun Cláir Ardoideachais a Sholáthar d'Fhoghlaimeoirí Idirnáisiúnta


| Roinn | Teideal | Lch |
|---|---|---|
| **1** | **RÉAMHRÁ** | **5** |
| **2** | **TÚSEOLAS** | **6** |
| 2.1 | Cé a chaithfidh cloí le Cód AO? | 6 |
| 2.2 | Sainmhíniú ar Fhoghlaimeoir Idirnáisiúnta | 7 |
| 2.3 | Raon feidhme agus Ábhar Chód AO | **8** |
| **3** | **STRUCHTÚR CHÓD AO** | **10** |
| **4** | **CEANGLAIS GHINEARÁLTA REACHTÚLA** | **11** |
| 4.1 | Dearbhú Cáilíochta | 11 |
| 4.2 | Rochtain, Aistriú agus Forchéimniú | 11 |
| 4.3 | Cláir agus Dámhachtainí | 12 |
| 4.4 | Measúnú Reachtúil Dícheall Cuí | 12 |
| 4.5 | Ceanglais maidir le Cosaint d'Fhoghlaimeoirí Rollaithe (PEL); Bailiú Táillí; Imréiteach Cánach na Soláthraithe; agus Bainistiú Acmhainní Daonna | 13 |
| 4.5.1 | Bailiú Táillí | 13 |
| 4.5.2 | Socruithe maidir le Cosaint d'Fhoghlaimeoirí Rollaithe (PEL) | 13 |
| 4.5.3 | Imréiteach Cánach Soláthraithe | 14 |
| 4.5.4 | Beartais agus Gnásanna Soláthraithe um Bainistiú Acmhainní Daonna | 14 |
| **5** | **PRIONSABAIL AGUS CRITÉIR** | **15** |
| 5.1 | Margaíocht agus Earcaíocht | 15 |
| 5.1.1 | Margaíocht | 15 |
| 5.1.2 | Earcaíocht | 16 |
| 5.2 | Iontrálacha agus Aitheantas do Cháilíochtaí | 18 |
| 5.3 | Táillí, Aisíocaíochtaí agus Cothabháil | 20 |

| | | |
|---|---|---|
| 5.3.1 | Táillí a bhaineann le Teagasc | **20** |
| 5.3.2 | Costais Eile | 20 |
| 5.4 | Tacaíochtaí agus Seirbhísí d’Fhoghlaimeoirí Idirnáisiúnta | 22 |
| 5.4.1 | Tacaíochtaí agus Seirbhísí Ginearálta d’Fhoghlaimeoirí | 22 |
| 5.4.2 | Tacaíochtaí agus Seirbhísí Acadúla | 23 |
| 5.4.3 | Oiliúint Foirne | 24 |
| 5.5 | Ráiteas ar Bheartas Mhúineadh an Bhéarla agus Cláir um Bonnbhliain Idirnáisiúnta | 25 |
| 5.6 | Foghlaimeoirí Idirnáisiúnta lasmuigh den Stát | 27 |
| 5.6.1 | Oideachas Trasnáisiúnta | 27 |
| 5.6.2 | Ciansoláthar ar Líne | **27** |
| **6** | **AGUISÍN A hAON: MEASÚNÚ REACHTÚIL DÍCHEALL CUÍ** | **29** |
| **7** | **AGUISÍN A DÓ:SOCRUITHE MAIDIR LE COSAINT D’FHOGHLAIMEOIRÍ ROLLAITHE (PEL)** | **30** |
| **8** | **AGUISÍN A TRÍ: RÁITEAS LONDAN 2012** | **31** |
| **9** | **AGUISÍN A CEATHAIR: GLUAIS GIORRÚCHÁN, ACRAINMNEACHA AGUS TÉARMAÍ** | **34** |
| **10** | **AGUISÍN A CÚIG: ACMHAINNÍ DO SHOLÁTHRAITHE AGUS D’FHOGHLAIMEOIRÍ** | **37** |

# 1 BROLLACH

Bunaíodh QQI (Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann) i Samhain 2012 leis an Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012. Leagtar amach in Acht 2012 feidhmeanna QQI, lena n-áirítear cód cleachtais a bhunú chun cláir oideachais agus oiliúna a sholáthar d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta, agus údarú marc oideachais idirnáisiúnta (IEM).

Leasaíodh Acht 2012 leis an Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) (Leasú), 2019. Is d'Acht 2012 arna leasú a dhéanfar tagairtí don reachtaíocht anseo ina dhiaidh seo[1]. Foráiltear le hAcht 2012 arna leasú go bhfoilseoidh QQI cód cleachtais i cibé foirm agus modh is cuí leis, agus go bhféadfaidh forálacha éagsúla a bheith san áireamh ann maidir le soláthraithe nó soláthraithe ranganna difriúla.

Is é beartas QQI, atá leagtha amach *ina Bheartas ar Údarú chun an Marc Oideachais Idirnáisiúnta a Úsáid*[2], ná dhá chód cleachtais a bhunú agus a fhoilsiú maidir le soláthraithe d'aicmí éagsúla:

- ceann do sholáthraithe ardoideachais (AO) agus
- ceann do sholáthraithe mhúineadh an Bhéarla (ELE).

Is é an doiciméad seo an cód cleachtais do sholáthraithe AO (an Cód AO) agus leagtar amach ann ionchais a bhaineann le soláthar oideachais, lena n-áirítear tacaíochtaí, atá ar fáil d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta in Éirinn ar chláir as a leanann dámhachtainí a chuimsítear sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC), agus foghlaimeoirí lasmuigh den stát atá cláraithe ar chláir as a leanann dámhachtainí a chuimsítear laistigh den CNC. Maidir le soláthraithe ardoideachais, gabhann an doiciméad seo ionad *Chód Cleachtais QQI maidir le Cláir Oideachais agus Oiliúna a Sholáthar d'Fhoghlaimeoirí Idirnáisiúnta (2015).* Ba cheart an Cód AO a léamh in éineacht le Beartas QQI um Údarú chun an Marc Oideachais Idirnáisiúnta a Úsáid.

Trí phróiseas comhairliúcháin a dhéantar beartas QQI a chur i dtoll a chéile. Gheofar sonraí faoi chreat comhairliúcháin agus próisis forbartha beartais QQI ar fáil ar www.qqi.ie. Glacann an Bord le beartas QQI agus cuireann an feidhmeannas i bhfeidhm é dá réir.

1 Acht 2012 arna leasú Achtanna Leasaithe (lawreform.ie).
2 Beartas ar Údarú chun an Marc Oideachais Idirnáisiúnta a Úsáid. https://www.qqi.ie/sites/default/files/2023-10/iem-04-policy-on-authorisation-to-use-the-iem-october-2023.pdf

## 2 TÚS EOLAIS

Tá an Cód AO ar cheann de shraith beart, dá bhforáiltear in Acht 2012 arna leasú, atá deartha chun leasanna foghlaimeoirí atá bainteach le córas oideachais agus oiliúna na hÉireann a chosaint.[3] Is é cuspóir ar leith an Chóid AO a chinntiú go bhfaigheann foghlaimeoirí idirnáisiúnta a fhreastalaíonn ar institiúidí a léirigh go bhfuil an Cód AO á gcomhlíonadh acu, agus a bhfuil údarú faighte acu chun an IEM a úsáid, eispéireas foghlama comhsheasmhach ar ardchaighdeán.

Tá sé mar aidhm ag an gCód AO feabhas a chur ar an mbonneagar dearbhaithe cáilíochta atá ann cheana féin in ardoideachas na hÉireann trí dhíriú ar cháilíocht na seirbhíse agus na dtacaíochtaí a chuirtear ar fáil d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta in Éirinn, agus d'fhoghlaimeoirí lasmuigh den stát, atá cláraithe ar chláir as a leanann dámhachtainí a chuimsítear laistigh den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC). Ina theannta sin, trína léiriú go gcloíonn siad leis na caighdeáin atá ann, cuirfidh an Cód AO ar chumas na soláthraithe AO iad féin, ina n-aonair agus i dteannta a chéile, leanúint dá gcion a dhéanamh chun sláine agus clú chóras AO na hÉireann a chosaint go hidirnáisiúnta. Chomh maith le cáil na hÉireann maidir le hoideachas idirnáisiúnta a chothú agus a neartú, tacóidh an Cód AO agus an Marc Oideachais Idirnáisiúnta le hardoideachas na hÉireann a chur chun cinn do mhic léinn thar lear agus le straitéis inimirce náisiúnta na hÉireann.

### 2.1 CÉ A CHAITHFIDH AN CÓD AO A CHOMHLÍONADH?

Ceanglaítear ar sholáthraithe AO a chláraíonn foghlaimeoirí idirnáisiúnta, laistigh agus/nó lasmuigh den stát, ar chláir as a leanann dámhachtainí a chuimsítear laistigh den CNC, an Cód AO a chomhlíonadh ar mhaithe le húdarú a fháil ó QQI chun an IEM a úsáid. Is iad seo a leanas a dhéanann dámhachtainí a chuimsítear laistigh den CNC:

- QQI
- Soláthraithe AO a bhfuil údarás tarmligthe acu ó QQI chun dámhachtainí a dhéanamh
- Forais cháiliúcháin ainmnithe (ollscoileanna, ollscoileanna teicneolaíochta, Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn (RCSI) agus institiúidí teicneolaíochta).

Tá soláthraithe AO ar soláthraithe ábhartha nó nasctha iad, faoi Acht 2012 arna leasú, incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar an IEM.

Sainmhínítear soláthraithe ábhartha in alt 2(1) d'Acht 2012 arna leasú agus, i ndáil leis an gCód AO, cuimsíonn siad:

3 Seachas na Cóid AO agus Mhúineadh an Bhéarla agus an IEM, áirítear leis na bearta próiseas measúnaithe dícheall chuí le haghaidh soláthraithe neamhspleácha/príobháideacha (féach cuid 4.4 agus Aguisín a hAon thíos); scéim náisiúnta chun foghlaimeoirí atá cláraithe ar chláir a sheachadann soláthraithe neamhspleácha/príobháideacha a chosaint (PEL), a bhfuil ciste um chosaint foghlaimeoirí mar bhonn agus taca aici (féach cuid 4.5.2 agus Aguisín a Dó thíos); cuimsiú laistigh den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí dámhachtainí arna ndéanamh ag ollscoileanna agus forais cháiliúcháin ainmnithe eile, agus freisin ag comhlachtaí idirnáisiúnta, gairmiúla agus earnála; agus bearta chun sláine acadúil chóras oideachais agus oiliúna na hÉireann a chosaint.

- ollscoileanna a bunaíodh roimhe seo
- ollscoileanna teicneolaíochta
- RCSI
- Soláthraithe AO a ndéanann QQI bailíochtú ar a gcuid clár
- institiúidí teicneolaíochta
- Soláthraithe AO a bhfuil údarás tarmligthe acu ó QQI chun dámhachtainí a dhéanamh
- forais cháiliúcháin liostaithe a sholáthraíonn clár amháin nó níos mó as a leanann a ndámhachtainí féin ar dámhachtainí iad atá san áireamh laistigh den CNC.[4]

Sainmhínítear soláthraí nasctha faoi alt 2(3) d'Acht 2012 arna leasú mar sholáthraí a bhfuil áit ghnó aige sa stát agus nach foras cáiliúcháin ainmnithe é, ach a dhéanann socrú le foras cáiliúcháin ainmnithe, faoina gcuireann sé clár oideachais agus oiliúna ar fáil a shásaíonn na réamhriachtanais go léir nó cuid de na réamhriachtanais do dhámhachtain ón bhforas cáiliúcháin ainmnithe.

## 2.2 SAINMHÍNIÚ AR FHOGHLAIMEOIR IDIRNÁISIÚNTA

Sainmhíníonn alt 2(1) d'Acht 2012 arna leasú foghlaimeoir idirnáisiúnta 'mar dhuine nach saoránach Éireannach é ach atá go dleathach sa stát chun oideachas agus oiliúint a fháil'. Maidir le cóid chleachtais a bhunú chun gur féidir le QQI soláthraithe a údarú chun an marc oideachais idirnáisiúnta a úsáid, sainmhínítear tuilleadh le halt 60(1) den Acht céanna foghlaimeoir idirnáisiúnta mar dhuine:

- atá sa stát cláraithe ar chlár as a leanann dámhachtain a chuimsítear laistigh den CNC;

nó

- atá sa stát cláraithe ar chlár mhúineadh an Bhéarla;

nó

- ar foghlaimeoir lasmuigh den stát é atá cláraithe ar chlár as a leanann dámhachtain a chuimsítear laistigh den CNC.

Ar mhaithe leis an gCód AO seo agus ról QQI maidir le húdarú a thabhairt do sholáthraithe AO an IEM a úsáid, áirítear na catagóirí foghlaimeoirí seo a leanas sna sainmhínithe seo:

- Foghlaimeoirí de chuid an AE/LEE/na hEilvéise sa stát atá ag tabhairt faoi chláir as a leanann mórdhámhachtainí nó dámhachtainí nach mórdhámhachtainí iad a chuimsítear sa CNC;

4 Eisiatar forais cháiliúcháin liostaithe ó iarratas a dhéanamh ar an IEM chun críocha cláir a thairiscint d'fhoghlaimeoirí lasmuigh den stát as a leanann dámhachtainí laistigh den CNC. Sainmhínítear forais cháiliúcháin liostaithe (LABanna) sa Ghluais Giorrúchán, Acrainmneacha agus Téarmaí in Aguisín a Ceathair thíos.

- Foghlaimeoirí sa stát nach foghlaimeoirí de chuid AE/LEE/na hEilvéise iad ata atá ag tabhairt faoi chláir as a leanann mórdhámhachtainí nó dámhachtainí nach mórdhámhachtainí iad a chuimsítear sa CNC;
- foghlaimeoirí lasmuigh den stát atá cláraithe ar chláir as a leanann mórdhámhachtainí nó dámhachtainí nach mórdhámhachtainí iad atá cuimsithe laistigh den CNC, cibé acu an dtairgtear iad i suíomhanna trasnáisiúnta oideachais agus/nó trí mhodhanna cianfhoghlama atá go hiomlán ar líne.

Ar mhaithe leis an gCód AO seo a bhunú agus ról QQI maidir le húdarú a thabhairt do sholáthraithe AO an IEM a úsáid a bhunú, ní áirítear na catagóirí foghlaimeoirí seo a leanas sna sainmhínithe seo:

- mic léinn malairte Erasmus[5];
- foghlaimeoirí atá cláraithe ar chláir staidéir thar lear nach leanann dámhachtainí a chuimsítear laistigh den CNC iad[6];
- foghlaimeoirí atá cláraithe ar chláir forbartha gairmiúla leanúnaí, agus ar chláir oiliúna gairmiúla eile, nach leanann dámhachtainí a chuimsítear laistigh den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí iad.

Chomh maith leis na catagóirí thuas, ní áirítear sa sainmhíniú ar fhoghlaimeoir idirnáisiúnta saoránaigh na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann atá ag gabháil do chláir as a leanann mórdhámhachtainí nó dámhachtainí nach mórdhámhachtainí iad a chuimsítear laistigh den CNC. Faoin gcomhaontú um Chomhlimistéar Taistil idir rialtais na hÉireann agus an Ríocht Aontaithe tugtar an ceart do shaoránaigh na hÉireann agus na Breataine rochtain a fháil ar gach leibhéal oideachais agus oiliúna, agus ar thacaíocht ghaolmhar do mhic léinn, i stát a chéile, ar théarmaí nach lú fabhar ná na téarmaí atá ag saoránaigh an stáit sin.[7]

## 2.3 RAON FEIDHME AGUS ÁBHAR AN CHÓD AO

Go praiticiúil, is sraith riachtanas tairsí é an Cód AO a bhaineann go sonrach le soláthar an AO d’fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta in Éirinn, agus lasmuigh den stát, ina dtógtar ar láidreachtaí an chórais dearbhaithe cáilíochta atá ann faoi láthair agus a bhfuil straitéis náisiúnta mar bhonn agus taca leis.

Baineann na ceanglais seo go sonrach le:

- próisis mhargaíochta agus earcaíochta eiticiúla agus trédhearcacha;
- próisis iontrála atá cothrom agus trédhearach ina dtacaítear le rannpháirtíocht rathúil na mac léinn idirnáisiúnta ina gcuid clár roghnaithe;

5 Ceanglaítear ar sholáthraithe AO na hÉireann atá rannpháirteach sa mhórchlár malartaithe Eorpach, Erasmus+, creidiúnú a bhaint amach faoi Chairt Erasmus don Ardoideachas (ECHE), a ndéanann an tÚdarás um Ard-Oideachas monatóireacht air. Spreagann an ECHE sármhaitheas i mbeartais idirnáisiúnaithe ollscoileanna Eorpacha agus cur i gcrích go nithiúil a ngníomhaíochtaí soghluaisteachta. Ar an ECHE go ginearálta, féach Cairt Erasmus don Ardoideachas | Erasmus+ (europa.eu).

6 Ar mhaithe leis an gCód AO seo agus ról QQI maidir le húdarú a thabhairt do sholáthraithe AO an IEM a úsáid, ní áirítear leis na sainmhínithe seo mic léinn ar aon chineál staidéir thar lear, mac léinn ar cuairt nó clár malartaithe nach n-áirítear dámhachtain a chuimsítear laistigh den CNC dá bharr.

7 Meamram Tuisceana idir Rialtas na hÉireann agus Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann maidir leis an gComhlimistéar Taistil agus na cearta agus na pribhléidí cómhalartacha gaolmhara: : Memorandum-of-Understanding-Ire-version.pdf (dfa.ie).

- faisnéis chruinn shoiléir a sholáthar ar chostais staidéir agus chothaithe;
- tacaíochtaí acadúla agus seirbhísí eile d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta;
- tacaí comhleanúnacha Béarla a sholáthar d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta nach é an Béarla a gcéad teanga;
- cláir a sholáthar d'fhoghlaimeoirí lasmuigh den stát, a thairgtear i suíomhanna trasnáisiúnta oideachais agus/nó trí mhodhanna cianfhoghlama atá go hiomlán ar líne.

Agus na ceanglais tairsí seo á mbunú, baineadh leas sa Chód AO as cleachtas éifeachtach idirnáisiúnta, chomh maith le cleachtas éifeachtach náisiúnta[8]. Aithnítear ann, áfach, go bhféadfadh riachtanais agus ionchais na bhfoghlaimeoirí idirnáisiúnta athrú ón réamhchlárú go dtí go bhfaigheann siad céim nó go n-imíonn siad, agus go bhféadfadh gurb iad na soláthraithe AO iad féin, trína dteagmháil lena gcuid foghlaimeoirí idirnáisiúnta, is fearr a d'fhéadfadh freastal ar na riachtanais éagsúla nó athraitheacha sin le linn shaolré an fhoghlaimeora. Aithnítear ann, freisin, gurb iad na soláthraithe AO is fearr chun breithiúnas a thabhairt ar an mbealach a gcuirtear critéir áirithe i bhfeidhm i gcúinsí áirithe. Ba cheart critéir aonair a chur i bhfeidhm go cuí agus go comhréireach i gcúinsí éagsúla. Mar shampla, ní bheadh sé cuí faisnéis a sholáthar ar an gcostas a bhaineann le staidéar a dhéanamh in Éirinn d'fhoghlaimeoirí atá ag tabhairt faoi chianchláir ar líne. Ar an mbealach céanna, ní bheadh sé comhréireach an leibhéal céanna tacaíochtaí foghlaimeora a sholáthar d'fhoghlaimeoir a bhí ag tabhairt faoi chianchláir ar líne as a leanfadh cúrsa micridhintiúr, agus foghlaimeoir a bhí ag bogadh go hÉirinn chun tabhairt faoi chlár as a leanfadh mórdhámhachtain. Ina theannta sin, tá éagsúlacht shuntasach i misin agus i gcleachtas institiúideach na soláthraithe uile. Dá bhrí sin, is féidir nach mbeidh ceanglais uile an Chóid AO ábhartha do gach soláthraí AO ach go mbraithfidh siad ar a gcúinsí agus ar an raon clár agus seirbhísí a chuireann siad ar fáil. Agus iad ag comhlíonadh an Chóid AO chun críocha iarratas a dhéanamh ar údarú chun an IEM a úsáid, ba cheart do sholáthraithe aonair na forálacha sa Chód AO a bhaineann lena ngníomhaíochtaí le foghlaimeoirí idirnáisiúnta a shainaithint go cúramach.

Ar deireadh, aithnítear sa Chód AO an ról tábhachtach is féidir a bheith ag campas idirnáisiúnaithe ó thaobh cáilíocht eispéireas an fhoghlaimeora idirnáisiúnta a fheabhsú. D'fhéadfadh an cur chuige seo tacú le heispéireas saibhrithe do na foghlaimeoirí, na baill foirne agus na páirtithe leasmhara go léir a bhaineann leis an soláthraí AO, agus cabhrú le comhionannas, éagsúlacht idirchultúrtha, cuimsiú, ilchultúrthacht, ilteangachas agus comhtháthú sóisialta a chur chun cinn.

8 I measc na bpríomhthagarmharcanna idirnáisiúnta tá, inter alia, Cód Cleachtais Náisiúnta Rialtas na hAstráile do Sholáthraithe Oideachais agus Oiliúna do Mhic Léinn Thar Lear 2018: National Code of Practice for Providers of Education and Training to Overseas Students 2018 (internationaleducation.gov.au); the New Zealand Qualification Authority's The Education (Pastoral Care of Tertiary and International Learners) Code of Practice 2021: NZQA_Pastoral-Care-Code-of-Practice_English.pdf; the Quality Assurance Agency for Higher Education's (UK), Supporting and Enhancing the Experience of International Students in the UK (2023): https:// .www.qaa.ac.uk/docs/qaa/international/supporting-and-enhancing-the-experience-of-international-students-in-the-uk pdf?sfvrsn=8e39ab81_4"Supporting and Enhancing the Experience of International Students in the UK (qaa.ac.uk); the UK Council for International Student Affairs' (UKCISA) Code of practice for members 2021: Code of practice.pdf (ukcisa.org.uk) and The National Code of Ethical Practice for UK Education Agents 2021: National-Code-of-Ethical-Practice-for-UK-Education-Agents-FINAL-Flag-version-2.pdf (buila.ac.uk).

## 3 STRUCHTÚR CHÓD AO

Cuimsíonn an Cód AO critéir atá le comhlíonadh ag soláthraithe arna n-eagrú faoi sheacht gcinn de chatagóirí:

- Ceanglais ghinearálta reachtúla
- Margaíocht agus earcaíocht
- Iontrálacha agus aitheantas do cháilíochtaí
- Táillí, aisíocaíochtaí agus cothabháil
- Tacaíochtaí agus seirbhísí d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta
- Beartas mhúineadh an Bhéarla d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta agus cláir bhonnbhliana idirnáisiúnta
- Soláthar d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta lasmuigh den stát.

Taobh amuigh de na ceanglais ghinearálta reachtúla, a phléitear sa chuid seo a leanas, dírítear ar na catagóirí ar fad i gcuid 5 den Chód AO. Cuirtear síos ar gach ceann acu i bhfoirm phrionsabal uileghabhálach agus tá tacú acu ó shraith critéar. Is fiú a thabhairt faoi deara go mbaineann go leor de na critéir seo leis an gcaoi a ndéanann soláthraí cumarsáid lena chohórt idirnáisiúnta foghlaimeoirí. Le chéile, aibhsíonn siad gur cheart do sholáthraithe iarracht fhócasaithe a dhéanamh cumarsáid a dhéanamh go soiléir agus go hionraic le foghlaimeoirí idirnáisiúnta maidir le sainriachtanais an chohórt seo.

Tá na prionsabail seo a leanas leabaithe sna seacht gcatagóir:

- comhtháthú foghlaimeoirí[9] agus a thábhachtaí atá sé chun braistint pobail a chothú;
- Cosaint d'fhoghlaimeoirí;
- Soláthar cuimsitheach faisnéise atá soiléir, cruinn, trédhearcach, inrochtana, ábhartha agus cothrom le dáta;
- Meicníochtaí aiseolais a chuireann ar chumas an tsoláthraí saincheisteanna a aithint agus freagairt go réamhghníomhach;
- Deiseanna chun líonraí acadúla agus sóisialta a cheapadh.

Tá cúig aguisín sa Chód AO freisin. Áirítear in Aguisíní a hAon agus a Dó faisnéis ar bhearta gaolmhara um chosaint foghlaimeoirí agus na soláthraithe a mbaineann siad leo. Atáirgtear in Aguisín a Trí téacs Ráiteas Londan, ráiteas prionsabail a aithnítear go hidirnáisiúnta maidir le hearcaíocht eiticiúil mic léinn idirnáisiúnta ag gníomhairí oideachais, comhpháirtithe earcaíochta agus comhairleoirí. Déantar tagairt don doiciméad seo mar an tagarmharc riachtanach i gcuid 5.1.2 (critéir d, e, agus h) den Chód AO seo. Soláthraíonn Aguisín a Ceathair gluais d'acrainmneacha, de ghiorrúcháin agus de théarmaí a úsáidtear sa téacs. Soláthraíonn Aguisín a Cúig liosta tagairtí

9 Gheofar samplaí de chleachtas éifeachtach i gcomhtháthú mac léinn idirnáisiúnta sa National Code of Practice for Providers of Education and Training to Overseas Students 2018: National Code of Practice for Providers of Education and Training to Overseas Students

d'fhoinsí úsáideacha faisnéise do sholáthraithe agus d'fhoghlaimeoirí. Is féidir go mba dhíol spéise do pháirtithe leasmhara eile, freisin, na hacmhainní seo.

## 4 CEANGLAIS GHINEARÁLTA REACHTÚLA

### 4.1 DEARBHÚ CÁILÍOCHTA

Agus an Cód AO á agairt chun críche iarratas a dhéanamh ar údarú chun an IEM a úsáid, ní mór do sholáthraí AO:

- ✓ nósanna imeachta do dhearbhú cáilíochta a bheith bunaithe acu faoi Alt 28 d'Acht 2012 arna leasú. Ba cheart díriú sna nósanna imeachta seo, ar bhealach cuí, ar cheanglais an Chóid AO agus ar cheanglais eile maidir le húdarú chun an IEM a úsáid mar atá leagtha amach i gCuid 5 den Acht céanna.

Ag cuimhneamh ar an riachtanas seo, tógann an Cód AO ar an gcleachtas earnála atá ann cheana féin agus ar bheartas QQI chun go bhféadfadh soláthraithe AO in Éirinn sraith fócasaithe caighdeán a bhunú chun cláir a sholáthar d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta. Is féidir le soláthraithe AO é a úsáid chun a gcuid cleachtas a sheiceáil agus chun réimsí a aithint a bhféadfadh forbairt a bheith ag teastáil uathu. Is féidir leis cabhrú freisin le gach soláthraí AO ina chuid iarrachtaí chun eispéireas dearfach a chinntiú dá chuid foghlaimeoirí idirnáisiúnta ón gcéad phointe teagmhála go dtí an chéim nó go dtí go n-imítear as an ollscoil. Ba cheart comhlíonadh an Chóid AO a bheith chomhtháite le beartais agus nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta soláthraithe.

I gcás ina ndéanann soláthraí nasctha an Cód AO a agairt chun críche iarratas a dhéanamh ar údarú chun an IEM a úsáid, ní mór go mbeadh a nósanna imeachta um dhearbhú cáilíochta ceadaithe ag an bhforas cáiliúcháin ainmnithe ábhartha, agus iad foilsithe agus curtha i bhfeidhm ag an soláthraí nasctha, faoi alt 33 d'Acht 2012 arna leasú. Níl ceanglas é chun an Cód AO a chomhlíonadh, agus chun údarú IEM a fháil, go mbeadh athbhreithniú ar éifeachtacht nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta an tsoláthraí nasctha curtha i gcrích ag an bhforas cáiliúcháin ainmnithe ábhartha sula ndéanfaidh soláthraí nasctha iarratas ar údarú chun úsáid a bhaint as an IEM.

### 4.2 ROCHTAIN, AISTRIÚ, AGUS FORCHÉIMNIÚ

Agus an Cód AO á agairt chun críche iarratas a dhéanamh ar údarú chun an

IEM a úsáid, ní mór do sholáthraí AO:

- ✓ nósanna imeachta maidir le rochtain, aistriú agus forchéimniú a bheith bunaithe faoi Alt 56 d'Acht 2012 arna leasú.

Ba cheart go dtabharfaí aird sna nósanna imeachta sin ar leasanna agus ar

riachtanais na bhfoghlaimeoirí idirnáisiúnta, agus ba cheart tagairt a bheith déanta iontu, ar bhealach cuí, i gcás ina gcuireann an soláthraí AO faisnéis ar fáil faoi na conairí d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta maidir le tuilleadh staidéir, fostaíocht agus cónaitheacht, nuair is infheidhme.

## 4.3 CLÁR AGUS DÁMHACHTAINÍ

Féadfaidh soláthraí AO an Cód AO a agairt chun críche iarratas a dhéanamh ar údarú chun an IEM a úsáid:

- má leanann dámhachtain amháin nó níos mó atá cuimsithe laistigh den CNC as gach clár a thairgeann an soláthraí d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta:
- maidir le gach clár a thairgeann an soláthraí as a leanann dámhachtain atá cuimsithe laistigh den CNC.

Faoi alt 79 d'Acht 2012 arna leasú, coinníonn QQI bunachar sonraí, Clár Cáilíochtaí na hÉireann (IRQ),[10] chun faisnéis údarásach a sholáthar ar na dámhachtainí atá cuimsithe laistigh den CNC, agus ar na cláir atá gaolmhar leo. Comhoibreoidh soláthraithe AOs agus/nó forais cháiliúcháin ainmnithe le QQI chun an fhaisnéis a theastaíonn chun an bunachar sonraí a líonadh a chur ar fáil. Is é an IRQ an fhoinse údarásach faisnéise ar chláir as a leanann dámhachtainí atá cuimsithe laistigh den CNC agus tacóidh sé le beartas agus straitéis náisiúnta maidir le hidirnáisiúnú ardoideachas na hÉireann, lena n-áirítear cur i bhfeidhm an IEM.

## 4.4 MEASÚNÚ REACHTÚIL DÍCHEALL CUÍ

Agus an Cód AOs á agairt chun críche iarratas a dhéanamh ar údarú chun an IEM a úsáid, ní mór do sholáthraithe sonraithe AO nó forais cháiliúcháin liostaithe, seachas iad siúd atá díolmhaithe go sainráite faoi alt 65(6) d'Acht 2012 arna leasú, a léiriú do QQI go gcomhlíonann siad critéir áirithe maidir le rialachas, airgeadas, agus comhlíonadh an dlí (Alt 29(B) den Acht 2012 arna leasú). Tá na soláthraithe atá díolmhaithe ón gceanglas seo, lena n-áirítear gach foras cáiliúcháin ainmnithe, sonraithe faoi 65(6) d'Acht 2012 arna leasú.

Is é cuspóir an cheanglais dícheall chuí seo dearbhú réasúnta a thabhairt don QQI go bhfuil an cumas agus an acmhainn ag na soláthraithe nó na forais cháiliúcháin liostaithe réamhráite nósanna imeachta láidre um dhearbhú cáilíochta a chur i bhfeidhm, agus cláir chomhleanúnacha oideachais agus oiliúna a sholáthar.

Ní bheidh ceangal ar sholáthraithe sonraithe príobháideacha/neamhspleácha a bhfuil a nósanna imeachta um dhearbhú cáilíochta ceadaithe ag QQI faoi Acht 2012 arna leasú, agus a bhfuil cláir AO dá gcuid bailíochtaithe ag QQI faoin Acht céanna, dul faoi mheasúnú díchill chuí mar chuid dá n-iarratas ar údarú chun an IEM a úsáid, cé go mbeifear ag súil go sásóidh siad critéir an díchill chuí faoi alt 29(B) d'Acht

10 Clár Cáilíochtaí na hÉireann (irq.ie)

2012 arna leasú. Ar an gcaoi chéanna, soláthraithe nasctha neamhdhíolmhaithe a ndearna foras cáiliúcháin ainmnithe, roimh a n-iarratas ar údarú chun an IEM a úsáid, a nósanna imeachta um dhearbhú cáilíochta a fhormheas, agus a shásaigh na réamhriachtanais go léir nó cuid de na réamhriachtanais do dhámhachtain ón bhforas cáiliúcháin ainmnithe, ní cheanglófar orthu dul faoin measúnú reachtúil dícheall cuí seo mar chuid dá n-iarratas ar údarú chun an IEM a úsáid, cé go mbeifear ag súil go gcomhlíonfaidh siad critéir an díchill chuí. Beifear ag súil go rachaidh gach soláthraí AO dá leithéid faoi mheasúnú díchill chuí ag dáta níos déanaí. Agus measúnú á dhéanamh ar chomhlíonadh an Chóid AO ag soláthraí sonraithe AO, féadfaidh QQI, dá rogha féin, iarraidh ar sholáthraí sonraithe AO a léiriú do QQI go gcomhlíonann sé na critéir atá sonraithe faoi rialacháin an Aire (alt 29(1) d'Acht 2012 arna leasú). Tá faisnéis bhreise ar an measúnú díchill chuí leagtha amach in Aguisín a hAon thíos.

## 4.5 CEANGLAIS A BHAINEANN LE COSAINT FOGHLAIMEOIRÍ ROLLAITHE (PEL); TÁILLÍ A BHAILIÚ; COMHLÍONADH CÁNACH SOLÁTHRAITHE; AGUS ACMHAINNÍ DAONNA AN TSOLÁTHRAÍ A BHAINISTIÚ

Ceanglaítear le hAlt 60(6) d'Acht 2012 arna leasú go sonróidh an Cód AO ceanglais a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

- bailiú táillí ó fhoghlaimeoirí cláraithe;
- socruithe chun foghlaimeoirí rollaithe a chosaint;
- comhlíonadh cánach soláthraithe;
- beartais agus nósanna imeachta soláthraithe maidir le bainistiú acmhainní daonna.

Dírítear ar na riachtanais seo ar an mbealach seo a leanas sa Chód AO seo (rannáin 4.5.1-4.5.4 thíos).

### 4.5.1 Bailiú táillí

Dírítear thíos ar an gceanglas reachtúil maidir le bailiú táillí gcuid 5.3.1 den Chód AO seo.

### 4.5.2 Socruithe chun foghlaimeoirí cláraithe a chosaint (PEL)+

Tá socruithe ginearálta chun foghlaimeoirí idirnáisiúnta a chosaint leabaithe ar fud na bprionsabal agus na gcritéar atá leagtha amach i gcuid 5 den Chód AO seo.

Tá na socruithe don scéim reachtúil PEL nua leagtha amach in Aguisín a Dó den Chód AO seo.

### 4.5.3 Comhlíonadh cánach soláthraithe

Ní mór do sholáthraithe AO a bheith lánchomhlíontach ó thaobh cánach de ar bhonn leanúnach. Dírítear ar an gceanglas seo i gcomhthéacs an mheasúnaithe reachtúil dícheall cuí dá dtagraítear thuas i gcuid 4.4, agus in Aguisín a hAon, den Chód AO seo.

### 4.5.4 Beartais agus nósanna imeachta soláthraithe maidir le bainistiú acmhainní daonna

Dírítear ar an gceanglas reachtúil seo maidir le beartais agus nósanna imeachta soláthraithe do bhainistiú acmhainní daonna i gcomhthéacs an mheasúnaithe reachtúil dícheall cuí dá dtagraítear thuas i rannán 4.4, agus in Aguisín a hAon den Chód AO seo.

# 5 PRIONSABAIL AGUS CRITÉIR

## 5.1 MARGAÍOCHT AGUS EARCAÍOCHT

**Prionsabal**

Earcaíonn soláthraithe AO foghlaimeoirí idirnáisiúnta ar bhealach trédhearcach eiticiúil. Ina n-ábhar margaíochta agus poiblíochta, cinntíonn siad go gcuirtear faisnéis atá soiléir, cruinn, trédhearcach, intuigtheagus cothrom le dáta ar fáil.

Léireoidh soláthraithe AO go bhfuil na critéir seo a leanas á gcomhlíonadh acu i réimsí na margaíochta agus na hearcaíochta.

### 5.1.1. Margaíocht

(a) Féachfaidh soláthraithe AO go réamhghníomhach le riachtanais faisnéise na bhfoghlaimeoirí idirnáisiúnta ionchasacha a thuiscint.

(b) Cinnteoidh soláthraithe AO go mbeidh an fhaisnéis a chuirtear ar fáil d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta ionchasacha faoin institiúid agus faoina soláthar soiléir, cruinn, trédhearcach, iontuigthe, ábhartha agus cothrom le dáta. Áireofar leis sin faisnéis faoi chuspóir beartaithe na forála e.g. foghlaimeoir a ullmhú le haghaidh tuilleadh staidéir nó fostaíochta sainiúla. I gcás inar gá, ba cheart go n-áireofaí ann freisin faisnéis ar riachtanais inimirce ghaolmhara, lena n-áirítear ceanglais maidir le foghlaimeoirí a dteastaíonn víosaí iontrála agus/nó cead inimirce uathu.

(c) I gcás inarb infheidhme, ba cheart faisnéis a sholáthar freisin maidir le stádas creidiúnaithe gairmiúil na gclár.

(d) I gcás inarb infheidhme, ba cheart faisnéis ar riachtanais socrúcháin cleachtais, agus conas is féidir iad seo a chomhlíonadh, a chur ar an eolas d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta ionchasacha.

(e) Comhlíonfaidh soláthraithe AO faisnéis do riachtanais foghlaimeoiri, mar atá leagtha amach in Alt 67 d'Acht 2012 arna leasú (féach freisin alt 4.3 thuas). Deimhneoidh siad:

- (i) cibé acu an dtugann nó nach dtugann críochnú rathúil an chláir an foghlaimeoir i dteideal dámhachtain;
- (ii) an foras cáiliúcháin a dhéanann an dámhachtain;
- (iii) teideal na dámhachtana;

(iv) cibé an dámhachtain atá san áireamh sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí;

(v) an leibhéal ag a bhfuil an dámhachtain san áireamh laistigh den CNC;

(vi) cibé an mórdhámhachtain, miondámhachtain, dámhachtain sainchuspóra nó forlíontach í an dámhachtain, mar a shainaithnítear laistigh den CNC;

(vii) na nósanna imeachta maidir le rochtain, aistriú agus forchéimniú atá i bhfeidhm, lena n-áirítear na conairí d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta le haghaidh tuilleadh staidéir, fostaíochta agus cónaitheachta, nuair is infheidhme (féach freisin cuid 4.2 thuas);

(viii) sonraí, nuair is cuí, ar na socruithe atá i bhfeidhm chun foghlaimeoirí rollaithe a chosaint faoi Alt 65 d'Acht 2012 arna leasú (féach alt 4.5.2 thuas agus Aguisín a Dó den chód seo).

(f) Cinnteoidh soláthraithe AO go gcuirfear faisnéis ar fáil ar bhealach atá iontuigthe d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta agus a chuideoidh leo cinntí eolasacha a dhéanamh. Ba cheart go dtacódh an t-eolas seo le foghlaimeoirí idirnáisiúnta chun gach ábhar a bhaineann le clár a thuiscint sula gcláraítear iad. Má chuirtear ar fáil i dteanga eile é, tá an soláthraí AO freagrach as a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis soiléir, cruinn, trédhearcach, inrochtana, ábhartha agus cothrom le dáta.

(g) Tabharfaidh soláthraithe AO léiriú cruinn ar a n-eagraíocht agus ar a saoráidí i ngach ábhar margaíochta agus poiblíochta agus cinnteoidh siad nach n-eiseofar aon fhaisnéis bhréagach nó mhíthreorach.

(h) Soláthróidh soláthraithe AO sonraí teagmhála iomchuí do dhuine nó do dhaoine iomchuí chun cúnamh a thabhairt le fiosrúcháin ó fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta roimh chlárú.

(i) Luafaidh soláthraithe AO na dátaí tosaithe do gach clár.

### 5.1.2 Earcaíocht

(a) Roimh chlárú, cinnteoidh soláthraithe AO go bhfuil faisnéis airgeadais ábhartha a bhaineann leis an staidéar agus meánchostais chothabhála ar a gcuid clár infhaighte agus ar fáil, ón tréimhse rollaithe go dtí an chéim.

(b) Roimh chlárú, cinnteoidh soláthraithe AO go gcuirfear an foghlaimeoir ar an eolas faoi aon cheanglais árachais, e.g. árachas leighis nó taistil, agus faoi infhaighteacht cóiríochta, agus faoi aon seirbhísí cóiríochta a chuirtear ar fáil.

(c) Beidh comhaontú scríofa ag soláthraithe AO le gach **gníomhaire oideachais, comhpháirtí nó sainchomhairleoir earcaíochta** ina léireofar go foirmiúil soláthar a gclár.

(d) Cinnteoidh soláthraithe AO go n-ionchorprófar in aon socruithe conarthacha a dhéanfar le **gníomhaire oideachais, comhpháirtí nó sainchomhairleoir earcaíochta** prionsabail Ráiteas Londan. Déanfar conarthaí atá ann cheana nach n-ionchorpraítear na prionsabail sin iontu a leasú go cuí laistigh de dhá bhliain ó dháta iarratais an tsoláthraí AO ar údarú chun an IEM a úsáid[11].

(e) Áireofar sa chonradh idir an soláthraí AO agus **an gníomhaire oideachais, comhpháirtí nó sainchomhairleoir earcaíochta** clásal foirceannta i gcásanna nach gcomhlíonann an gníomhaire prionsabail Ráiteas Londan nó ina bhfaightear amach gur ghníomhaigh sé ar bhealach mí-eiticiúil chun aimhleasa foghlaimeoirí idirnáisiúnta.

(f) Déanfaidh soláthraithe AO dícheall cuí e.g., trí cinn de sheiceálacha tagartha, chun cuntas teiste **gníomhairí oideachais, comhpháirtithe nó sainchomhairleoirí earcaíochta** a fhíorú, maidir le saincheisteanna cosanta foghlaimeoirí, roimh chomhaontú conarthach a dhéanamh.

(g) Cinnteoidh soláthraithe AO go mbeidh faisnéis chruinn agus cothrom le dáta maidir leis an soláthraí agus maidir lena sholáthar ina sheilbh ag gach **gníomhaire oideachais, comhpháirtí nó sainchomhairleoir earcaíochta** atá ar conradh acu.

(h) Beidh próiseas trédhearcach i bhfeidhm ag soláthraithe AO chun faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí **gníomhairí oideachais, comhpháirtithe nó sainchomhairleoirí earcaíochta** lena n-áirítear, i gcás inar cuí, aiseolas ó iarratasóirí, chun a chinntiú go bhfuil an **gníomhaire oideachais, an comhpháirtí nó an sainchomhairleoir earcaíochta** ag feidhmiú de réir mheon an Aontais Eorpaigh. Cód AO agus Ráiteas Londan.

(i) Soláthraithe AO a gceanglaítear orthu socruithe a dhéanamh chun foghlaimeoirí rollaithe a chosaint faoi Alt 65 d'Acht 2012 arna leasú déanfaidh siad amhlaidh sula n-earcaítear foghlaimeoirí (féach freisin alt 4.5 agus Aguisín a Dó den Chód AO seo).

11. Tá téacs Ráiteas Londan leagtha amach in Aguisín a hAon thíos. Acmhainn úsáideach eile is ea doiciméad Chumann Idirchaidrimh Idirnáisiúnta Ollscoileanna na Breataine (BUILA) agus Comhairle na Ríochta Aontaithe um Ghnóthaí Idirnáisiúnta Mac Léinn (UKCISA), The Code of Ethical Good Practice for UK Education Agents 2021: National-Code-of-Ethical-Practice-for-UK-Education-Agents.pdf (buila.ac.uk).

## 5.2 IONTRÁLACHA AGUS AITHINT CÁILÍOCHTAÍ

**Prionsabal**

Feidhmíonn soláthraithe AO beartais iontrála atá cothrom, trédhearcach agus comhsheasmhach agus a thacaíonn le foghlaimeoirí idirnáisiúnta a bheith rannpháirteach ina gcuid clár roghnaithe.

(a) Sonróidh soláthraithe AO go soiléir na ceanglais iontrála d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta a thacaíonn le rannpháirtíocht rathúil na bhfoghlaimeoirí ina gcláir roghnaithe.

(b) Sonrófar go soiléir i gceanglais iontrála soláthraithe AO ceanglais inniúlachta sa Bhéarla d'iarratasóirí nach é an Béarla a gcéad teanga. Ba cheart go n-áireofaí leo seo tagairtí do na tagarmharcanna a úsáidtear chun riachtanais inniúlachta a mheasúnú agus, cosúil le riachtanais iontrála eile, tacú le foghlaimeoirí idirnáisiúnta a bheith rannpháirteach go rathúil ina gcláir roghnaithe.[13]

(c) Glacfaidh soláthraithe AO na prionsabail, agus cloífidh siad leis an treoir, atá i gCoinbhinsiún um Aithint Liospóin (LRC) agus i dtéacsanna coimhdeachta agus iad ag measúnú na gcáilíochtaí a chuireann foghlaimeoirí idirnáisiúnta i láthair ar mhaithe le háit a fháil ar a gcláir[12]. Ba cheart cáilíochtaí a mheasúnú ar bhealach intuigthe, ar mhodh cothrom agus laistigh d'fhráma ama réasúnta.

(d) Ba cheart do sholáthraithe AO cáilíochtaí a aithint a aithnítear chun críche rochtain a fháil ar chláir i gcóras AO an iarratasóra idirnáisiúnta féin, ach amháin má tá difríocht shuntasach le sonrú idir na riachtanais iontrála i gcóras AO an iarratasóra féin agus riachtanais an tsoláthraí AO Éireannaigh.[14]

(e) Soláthróidh soláthraithe AO freagra tráthúil i scríbhinn ar iarratasóirí idirnáisiúnta a ndiúltaítear cead isteach dóibh.

(f) I gcás ina gcinnfidh soláthraí AO aitheantas cáilíochta ó fhoghlaimeoir idirnáisiúnta a choinneáil siar chun críche iontrála, luafar na cúiseanna atá leis an diúltú aitheantas a dheonú, agus cuirfear faisnéis ar fáil maidir le bearta féideartha a fhéadfaidh an t-iarratasóir a dhéanamh chun aitheantas a fháil tráth níos déanaí. Má chinneann soláthraí AO aitheantas cáilíochta a

12 Is ionann an LRC agus an príomhdhoiciméad dlí idirnáisiúnta atá dírithe ar chabhrú le haitheantas cothrom a bhaint amach do cháilíochtaí ardoideachais críochnaithe agus cáilíochtaí a sholáthraíonn rochtain ar ardoideachas i Réigiún na hEorpa. Dhaingnigh Éire an comh-Choinbhinsiún seo de Chomhairle na hEorpa (CoE) agus Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (UNESCO). in 2004. Gheofar téacs an choinbhinsiúin ag: CETS 165 - Coinbhinsiún ar Aitheantas Cáilíochtaí maidir leis an . Ardoideachas sa Réigiún Eorpach (coe.int). CETS 165 - In Éirinn, is ag institiúidi ardoideachais aonair atá an inniúlacht chun cinntí a dhéanamh faoin LRC i gcúrsaí aitheantais chun críocha iontrála isteach i gcláir AO.

13 LRC Arirteagail III.1, III.2 and III.5. Féach, leis, moltaí Chomhairle na hEorpa ar aitheantas uathoibríoch: https://education. ec.europa. eu/education-levels/higher-education/inclusive-and-connected-higher-education/automatic-recognition-of- qualifications. See also QQI's Core Statutory Quality Guidelines: qg-1-core-statutory-quality-assurance-guidelines.pdf (qqi. ie); and its Policy and Criteria for Facilitating the Academic Recognition of Foreign Qualifications, section 2, p.4: qp-14- policy-and-criteria-for-

14 LRC Articles IV.1 and IV.3.

choinneáil siar chun críche iontrála, nó mura ndéantar aon chinneadh, beidh an t-iarratasóir in ann achomharc a dhéanamh laistigh de theorainn ama réasúnach.[15]

(g) Tacóidh soláthraithe AO le QQI, de réir mar is iomchuí, le linn dó a fheidhm reachtúil a chur i bhfeidhm chun aitheantas lasmuigh den stát do dhámhachtainí arna ndéanamh sa stát a éascú, lena n-áirítear tíortha baile a bhfoghlaimeoirí idirnáisiúnta.[16]

15 LRC Airteagal III.5.
16 Acht 2012 arna leasú Alt 9(2)(m)(ii).

## 5.3 TÁILLÍ, AISÍOCAÍOCHTAÍ AGUS COTHABHÁIL

**Prionsabal**

Cuireann soláthraithe AO eolas soiléir, cruinn, trédhearcach, iontuigthe, ábhartha agus cothrom le dáta ar fáil do gach foghlaimeoir ar gach costas staidéir, lena n-áirítear cothabháil agus lóistín. Cuirfidh soláthraithe ardoideachais foghlaimeoirí ar an eolas faoi tháillí agus faoi chostais eile a bhaineann le tabhairt faoi chlár staidéir in Éirinn.

### 5.3.1. Táillí a bhaineann le teagasc

(a) Soláthróidh soláthraithe ardoideachais faisnéis faoi tháillí éigeantacha ar feadh ré iomlán an chláir ón gclárú agus ón iontráil go dtí go gcríochnóidh siad nó go bhfágann siad an clár. I gcás ina bhféadfaidh táillí athrú, beidh sé sin soiléir d'iarratasóirí san fhaisnéis a sholáthrófar.

(b) Soláthróidh soláthraithe AO faisnéis faoi bhailiú nó íoc táillí, lena n-áirítear pionóis as íocaíocht dhéanach agus bailiú fiachais i gcás airgead amuigh.

(c) Bunóidh soláthraithe AO struchtúr táillí trína dtacaítear le misean na heagraíochta agus a léiríonn na costais a ghabhann le soláthar cáilíochta.

(d) Cinnteoidh soláthraithe AO nach ngearrfar aon táillí breise nó muirir gan choinne le híoc ar fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta nár cuireadh ar a súile dóibh roimh ré,

(e) Eiseoidh soláthraithe AO admháil d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta ar íoc a gcuid táillí, admháil ina mbeidh miondealú ar na táillí a íocadh.

(f) Bunóidh agus foilseoidh soláthraithe AO gnás maidir le haisíocaíochtaí iomlána agus páirteacha. Tabharfar breac-chuntas sa ghnás sin ar na coinníollacha faoina ndeonófar aisíocaíocht e.g. iarratas ar víosa iontrála a diúltaíodh, i gcás foghlaimeora Eilvéiseach nach ón AE/LEE é/í,

(g) Soláthróidh soláthraithe AO faisnéis maidir le haon tacaíochtaí airgeadais nó acmhainní airgeadais atá ar fáil laistigh den eagraíocht, nó go náisiúnta, d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta.

### 5.3.2. Costais eile

(a) Soláthróidh soláthraithe AO faisnéis faoi na costais tháscacha a bhaineann le staidéar a dhéanamh ar a gcláir e.g., costais téacsleabhar, acmhainní leictreonacha, riachtanais ríomhaireachta, trealamh cosanta.

(b) Tabharfaidh soláthraithe AO comhairle ghinearálta d'fhoghlaimeoirí ionchasacha maidir leis an meánchostas maireachtála e.g., cóiríocht, bia, iompar agus cúram leighis, do thréimhse an chláir.

(c) Soláthróidh soláthraithe AO faisnéis ar:

(i) táillí le haghaidh seirbhísí cóiríochta, má thairgeann an soláthraí AO nó soláthraithe seirbhíse cóiríochta eile iad.

(ii) táillí le haghaidh gearán agus gnásanna achomhairc de réir mar is ábhartha m.sh. torthaí scrúdaithe a athsheiceáil.

(d) Soláthróidh soláthraithe AO faisnéis ar aon chostais eile a bhaineann le soláthar seirbhísí do mhic léinn mar a mheasann an soláthraí a bheith ábhartha.

## 5.4 TACAÍOCHTAÍ AGUS SEIRBHÍSÍ D'FHOGHLAIMEOIRÍ IDIRNÁISIÚNTA

**Prionsabal**

Cothóidh soláthraithe AO timpeallacht thacúil ina dtacaítear le folláine agus lánpháirtiú na bhfoghlaimeoirí go léir i gcorpas na mac léinn agus a chinntíonn eispéireas foghlama dearfach do gach foghlaimeoir.

### 5.4.1 Tacaíochtaí agus Seirbhísí Ginearálta d'Fhoghlaimeoirí

(a) Ainmneoidh soláthraithe AO pearsanra iomchuí le bheith freagrach as fiosrúcháin maidir le saincheisteanna tacaíochta d'fhoghlaimeoirí ó fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta e.g., comhordaitheoir cúrsa, comhairleoir, nó oifigeach idirnáisiúnta.

(b) Cuirfidh soláthraithe AO faisnéis ar fáil d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta sula dtiocfaidh siad isteach chun cabhrú leo dul i dtaithí ar a dtimpeallacht nua e.g. faisnéis faoi iompar, baincéireacht, infhaighteacht cóiríochta agus seirbhísí cóiríochta.

(c) Cinnteoidh soláthraithe AO go bhfreastalóidh na seisiúin ionduchtúcháin a thairgtear d'fhoghlaimeoirí ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí idirnáisiúnta freisin, lena n-áirítear feasacht idirchultúrtha. Ba chóir dóibh foghlaimeoirí a threorú chuig seirbhísí, tacaíochtaí agus saoráidí atá ábhartha nó oiriúnach dá gclár staidéir. Ba chóir dóibh a gcuid freagrachtaí faoi réimeas inimirce mac léinn na Roinne Dlí agus Cirt a mheabhrú freisin d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta a dteastaíonn víosaí iontrála agus/nó cead inimirce uathu.[17]

(d) Soláthrófar an clár ionduchtaithe do gach cohóirt foghlaimeoirí idirnáisiúnta a chláraíonn nó a rollaíonn ag amanna éagsúla den bhliain, lena n-áirítear foghlaimeoirí a fhaigheann rochtain ar chláir trí ardiontráil.

(e) Soláthróidh soláthraithe AO faisnéis ar thacaíochtaí agus ar sheirbhísí oiriúnacha d'fhoghlaimeoirí chun comhtháthú foghlaimeoirí isteach sa phobal AO i gcoitinne a éascú.

(f) Cinnteoidh soláthraithe AO go mbeidh foghlaimeoirí idirnáisiúnta ar an eolas faoi dheiseanna a bheith rannpháirteach i gcaidreamh idir an soláthraí agus an bhuíon foghlaimeoirí agus faoi ionadaíocht a bheith acu ag an gcaidreamh sin. Nuair is féidir, ba cheart dóibh, i gcomhar le comhlachtaí ionadaíocha foghlaimeoirí, faisnéis a sholáthar ar thionscnaimh náisiúnta rannpháirtíochta foghlaimeoirí agus deiseanna d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta leas a bhaint as deiseanna oiliúna.

17 Gheofar an fhaisnéis ábhartha ag: How to apply for long term study visa - Immigration Service Delivery https://www irishimmigration.ie/coming-to-study-in-ireland

(g) Beidh meicníochtaí i bhfeidhm ag soláthraithe AO chun tacú le foghlaimeoirí idirnáisiúnta ó thaobh airgeadais de i gcásanna éigeandála nó cruatain phearsanta nó eile.

(h) Éascóidh agus spreagfaidh soláthraithe AO aiseolas ó fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta ar sholáthar aon tacaíochtaí agus seirbhísí. Áireofar leis seo foghlaimeoirí a chur ar an eolas faoi phróisis ghearáin do na seirbhísí seo.

(i) Áireofar gach foghlaimeoir, lena n-áirítear foghlaimeoirí idirnáisiúnta, i gcur chuige na n-institiúidí i leith cáilíocht sheirbhísí agus tacaíochtaí d'fhoghlaimeoirí a dhearbhú.

### 5.4.2 Tacaíochtaí agus Seirbhísí Acadúla

(a) Cuirfidh soláthraithe AO ionduchtú ar fáil a bheidh inrochtana do gach foghlaimeoir agus, i gcás inarb iomchuí, a bheidh in oiriúint do riachtanais na bhfoghlaimeoirí idirnáisiúnta. Soláthróidh siad faisnéis iomlán agus comhairle maidir le gach beartas institiúideach agus acadúil ábhartha.

(b) Cuirfear ionduchtú ar fáil ag pointí éagsúla i rith na bliana, d'fhoghlaimeoirí agus do chohóirt a chláraíonn ag pointí difriúla i gcaitheamh na bliana,, lena n-áirítear iad siúd a fhaigheann rochtain ar chláir trí ardiontráil.

(c) Cinnteoidh soláthraithe AO go mbeidh rochtain éasca ar an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil ag an ionduchtú ar feadh na bliana acadúla agus tairgfidh siad meabhrúcháin ar an bhfaisnéis sin ag príomhphointí i rith na bliana m.sh. roimh scrúduithe nó roimh thascanna a bheith le cur isteach.

(d) Áiritheoidh soláthraithe AO ionracas acadúil mar chroíchuid den ionduchtú do gach foghlaimeoir, lena n-áirítear foghlaimeoirí idirnáisiúnta. Tabharfar aitheantas sna hionduchtaithe do chultúir éagsúla oideachais na bhfoghlaimeoirí idirnáisiúnta, agus beidh an t-ábhar, an chomhairle agus an tacaíocht a thugann siad ábhartha agus sainiúil do chomhthéacs AO na hÉireann. Ba cheart comhráite foirmiúla agus neamhfhoirmiúla faoi ionracas acadúil a bheith ar siúl ar bhonn leanúnach le linn thréimhse rollaithe na bhfoghlaimeoirí go léir, lena n-áirítear foghlaimeoirí idirnáisiúnta.[18]

(e) Féachfaidh soláthraithe AO lena bhfoghlaimeoirí idirnáisiúnta a chomhtháthú, isteach sa phobal foghlaimeoirí i gcoitinne, trína n-ionduchtú agus trína mbeartais, a ngnásanna agus a seirbhísí.

18 National Academic Integrity Network (NAIN), National Academic Integrity Guidelines (QQI, 2021): academic-integrity-guidelines.pdf (qqi.ie).

### 5.4.3 Oiliúint Foirne

Leanfaidh soláthraithe AO ar aghaidh ag cur oiliúint agus tacaíocht ar fáil don fhoireann chun cláir agus seirbhísí a sheachadadh go cuí agus go héifeachtach d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta. Ba cheart go n-áireofaí leis seo, nuair is cuí, oiliúint in inniúlacht idirchultúrtha agus tacaíocht chun inniúlacht oideachais sa Bhéarla a fhorbairt.

## 5.5 RÁITEAS AR BHEARTAS AN BHÉARLA AGUS CLÁIR UM BONNBHLIAIN IDIRNÁISIÚNTA

**Prionsabal**

Tá cur chuige comhleanúnach trédhearcach beartais institiúideach mar bhonn agus taca ag na tacaíochtaí Béarla a chuireann soláthraithe AO ar fáil d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta, lena n-áirítear trí chláir bhonnbhliana idirnáisiúnta a sholáthar.

Léireoidh soláthraithe AO go bhfuil siad ag comhlíonadh na gcritéar seo a leanas maidir le tacaíochtaí Béarla.

(a) Beidh ráiteas beartais Béarla d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta ag soláthraithe AO ina ndéanfar

(i) an cur chuige agus próiseas beartais i leith mheasúnú riachtanais iontrála maidir le hoilteacht sa Bhéarla a dhoiciméadú (féach freisin cuid 5.2 thuas);

(ii) cur chuige beartais na hinstitiúide maidir le soláthar, tacaíocht agus forbairt an Bhéarla chun críocha acadúla a dhoiciméadú;

(iii) cur chuige beartais na hinstitiúide a leagan amach maidir le tacaíochtaí Béarla a sholáthar do chainteoirí Béarla neamhdhúchasacha roimh thosú agus ar feadh ré a gcláir AO;

(iv) na socruithe a dhoiciméadú, lena n-áirítear, de réir mar is iomchuí, na socruithe maidir le dearbhú cáilíochta, creidmheasa agus/nó bronnadh dámhachtana, le haghaidh cineálacha éagsúla clár EAP, amhail:

- cláir/modúil réamhsheisiúnacha.
- cláir/modúil in-seisiúnacha.

(b) Soláthraithe AO a thairgeann cláir bhonnbhliana idirnáisiúnta[19], leagfaidh siad amach ina ráiteas beartais Béarla d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta

(i) na socruithe maidir le dearbhú cáilíochta, creidmheas agus/nó bronnadh dámhachtana do na cláir seo,

(ii) na socruithe rialachais chorparáidigh agus acadúil atá i bhfeidhm i gcás ina gcuirtear cláir den sórt sin ar fáil i gcomhpháirtíocht le heintitis eile m.sh., soláthraí príobháideach mhúineadh an Bhéarla, soláthraí oideachais neamhspleách/príobháideach eile nó cuideachta champais.

19 Féach Aguisín a Ceathair chun sainmhíniú a fháil ar chláir bhonnbhliana idirnáisiúnta.

(c) Chun an Cód AO seo a chomhlíonadh, leanfaidh ceann de na dámhachtainí seo a leanas atá cuimsithe laistigh den CNC as bonnchlár idirnáisiúnta:

(i) Ullmhúchán QQI do chláir fochéime, as a leanfaidh Dámhachtain Sainchuspóra Leibhéal 5 CNC (bonncháilíocht)

(ii) Ullmhúchán QQI do chláir iarchéime, as a leanfaidh Dámhachtain Sainchuspóra Leibhéal 8 CNC (bonncháilíocht)[20]

(iii) Cláir choibhéiseacha as a leanann dámhachtainí a chuimsítear laistigh den CNC, cláir arna mbailíochtú ag foras cáiliúcháin Éireannach.

(d) I gcás ina dtairgeann soláthraithe AO cláir bhonnbhliana idirnáisiúnta faoi láthair nach leanann dámhachtainí atá cuimsithe laistigh den CNC iad, ní mór dóibh bailíochtú clár/faomhadh cúrsa a fháil do chláir dá leithéid trí fhoras cáiliúcháin Éireannach laistigh de dhá bhliain ón dáta a n-údaraítear iad chun an IEM a úsáid. [21]

20 QQI do Dhámhachtainí Fondúireachta Réamh-ardoideachais do Mhic Léinn Idirnáisiúnta (QQI, 2015): ify-standards-201115-lr3.pdf (qqi.ie). ify-standards-201115-lr3.pdf (qqi.ie)

21 Tá an critéar seo ceaptha chun soiléiriú a dhéanamh ar nádúr na gclár bonnbhliana idirnáisiúnta d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta agus ar a ngaol le cláir agus dámhachtainí eile atá cuimsithe laistigh den CNC. Beidh a chomhlíonadh ina choinníoll maidir le húdarú leanúnach chun an IEM a úsáid.

## 5.6 FOGHLAIMEOIRÍ IDIRNÁISIÚNTA LASMUIGH DEN STÁT

**Prionsabal**

Cinntíonn soláthraithe AO go bhfaigheann foghlaimeoirí lasmuigh den stát atá rollaithe ar a gcuid clár eispéiris foghlama ar ardchaighdeán, i gcás ina leanann dámhachtainí a chuimsítear laistigh den CNC na cláir seo, agus cibé an dtairgtear iad i suíomhanna trasnáisiúnta oideachais agus/nó trí mhóid foghlama lánchian-da ar líne.

Léireoidh soláthraithe AO go bhfuil na critéir seo a leanas á gcomhlíonadh acu i réimsí an oideachais thrasnáisiúnta agus an chiansoláthair ar líne.

### 5.6.1 Oideachas trasnáisiúnta

(a) Cinnteoidh soláthraithe AO, ag féachaint dá n-oibleagáidí reachtúla um dhearbhú cáilíochta, go mbeidh cáilíocht, caighdeán acadúil agus aitheantas a gcláir trasnáisiúnta oideachais comhionann le cáilíocht, caighdeán agus aitheantas acadúil na gclár a sholáthraíonn siad laistigh den stát.

(b) Cuirfidh soláthraithe AO na prionsabail agus na critéir atá leagtha amach sa Chód AO seo i bhfeidhm ar bhealach coibhéiseach i suíomhanna trasnáisiúnta oideachais, lena n-áirítear maidir le soláthar seirbhísí tacaíochta d'fhoghlaimeoirí.

(c) Tacóidh soláthraithe AO le QQI, de réir mar is cuí, lena bhfeidhm reachtúil a chur i bhfeidhm chun aitheantas lasmuigh den stát de dhámhachtainí a dhéantar sa stát a éascú. Cuimsíonn an fheidhm éascaíochta seo dámhachtainí a chuimsítear laistigh den CNC, áit a gcuirtear na cláir as a leanann na dámhachtainí seo ar fáil lasmuigh den stát.

(d) Soláthraithe nasctha a bhfuil sé ar intinn acu cláir thrasnáisiúnta oideachais a thairiscint as a leanann dámhachtainí a chuimsítear laistigh den CNC, ní dhéanfaidh siad amhlaidh ach amháin le comhaontú an fhorais nó na bhforas cáiliúcháin ainmnithe a dhéanann na dámhachtainí.

### 5.6.2 Ciansoláthar ar líne

(a) Cinnteoidh soláthraithe AO, ag féachaint dá n-oibleagáidí reachtúla um dhearbhú cáilíochta, go mbeidh cáilíocht acadúil, caighdeán agus aitheantas a gcianchlár ar líne comhionann le cáilíocht, caighdeán agus aitheantas acadúil na gclár a sholáthraíonn siad trí mhóid eile teagaisc agus foghlama.

(b) Cuirfidh soláthraithe AO na prionsabail agus na critéir atá leagtha amach sa Chód AO seo i bhfeidhm ar bhealach coibhéiseach maidir le foghlaimeoirí lasmuigh den stát atá cláraithe ar chianchláir chianda ar líne as a leanann dámhachtainí a chuimsítear laistigh den CNC, lena n-áirítear maidir seirbhísí tacaíochta d'fhoghlaimeoirí a sholáthar.

(c) Tacóidh soláthraithe AO le QQI, de réir mar is cuí, lena bhfeidhm reachtúil a chur i bhfeidhm chun aitheantas lasmuigh den stát de dhámhachtainí a dhéantar sa stát a éascú. Cuimsítear san fheidhm éascaíochta seo dámhachtainí a chuimsítear laistigh den CNC, áit a dtairgtear na cláir as a leanann na dámhachtainí seo mar chláir chianda ar líne.

(d) Ní dhéanfaidh soláthraithe nasctha a bhfuil sé ar intinn acu cianchláir ar líne a thairiscint d'fhoghlaimeoirí lasmuigh den stát as a leanann dámhachtainí laistigh den CNC é sin ach amháin le comhaontú an fhorais cháiliúcháin ainmnithe nó na forais cháiliúcháin ainmnithe a dhéanann na dámhachtainí.

# 6 AGUISÍN A HAON: MEASÚNÚ REACHTÚIL DÍCHEALL CUÍ

Ní mór d'fhorais cháiliúcháin liostaithe agus do sholáthraithe sonraithe a agraíonn an Cód AO ar mhaithe le hiarratas a dhéanamh ar údarú chun an IEM a úsáid, seachas iad siúd atá díolmhaithe go sainráite faoi alt 65(6) d'Acht 2012 arna leasú, a léiriú do QQI go gcomhlíonann siad critéir dhíchill chuí áirithe, critéir a shonraítear i rialacháin faoi alt 29B(1) den Acht céanna. Is é an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta a chinneann na rialacháin, agus is é a n-aidhm dearbhú réasúnta a thabhairt do QQI go bhfuil an cumas agus an acmhainn ag an soláthraí AO sonraithe nó ag an bhforas cáiliúcháin liostaithe:

- nósanna imeachta um dhearbhú cáilíochta a chur i bhfeidhm,
- agus cláir oideachais agus oiliúna a sholáthar atá comhsheasmhach le ceanglais Acht 2012 arna leasú.

Tá na hinstitiúidí seo a leanas díolmhaithe ó na ceanglais reachtúla díchill chuí faoi alt 65(6) d'Acht 2012 arna leasú:

- ollscoileanna a bunaíodh roimhe seo;
- ollscoileanna teicneolaíochta;
- institiúidí teicneolaíochta;
- an Foras Riaracháin, Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn, Acadamh Ríoga Ceoil na hÉireann, Coláiste Mhuire gan Smál, Institiúid Oideachais Marino, agus an Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha.

Soláthraithe sonraithe a thairgeann cláir AO den chuid is mó a bhfuil a nósanna imeachta um dhearbhú cáilíochta ceadaithe ag QQI faoi Acht 2012 arna leasú agus a bhfuil cláir AO bailíochtaithe ag QQI faoin acht céanna acu, ní bheidh orthu dul faoi mheasúnú díchill chuí mar chuid dá n-iarratas ar údarú chun IEM a úsáid, cé go gceanglófar orthu é sin a dhéanamh ar dháta níos déanaí. Ar an gcaoi chéanna, ní cheanglófar ar sholáthraithe nasctha neamh-díolmhaithe a bhfuil a nósanna imeachta um dhearbhú cáilíochta ceadaithe ag foras cáiliúcháin ainmnithe, agus a shásaigh na réamhcheanglais go léir nó cuid de na réamhcheanglais maidir le dámhachtain de chuid an fhorais cháiliúcháin ainmnithe dul faoi mheasúnú reachtúil dícheall cuí mar chuid dá n-iarratas ar údarú chun an IEM a úsáid, cé go gceanglófar orthu é sin a dhéanamh ag dáta níos déanaí. Agus measúnú á dhéanamh ar chomhlíonadh an Chóid AO ag soláthraí sonraithe AO, féadfaidh QQI, dá rogha féin, iarraidh ar sholáthraí sonraithe AO a léiriú do QQI go gcomhlíonann sé na critéir atá sonraithe faoi rialacháin an Aire (alt 29A(1) d'Acht 2012 arna leasú).

# 7 AGUISÍN A DÓ: SOCRUITHE CHUN FOGHLAIMEOIRÍ ROLLAITHE A CHOSAINT (PEL)

Foráiltear i gCuid 6 d'Acht 2012 arna leasú do scéim PEL reachtúil nua a mbeidh Ciste Cosanta Foghlaimeoirí mar bhonn agus taca aici. Baineann an scéim nua le cláir oideachais agus oiliúna a mhairfidh trí mhí nó níos faide, agus cláir mhúineadh an Bhéarla. Bainfidh sé le:

- Soláthraithe AO le cláir as a leanfaidh dámhachtainí QQI;
- soláthraithe nasctha maidir le soláthar a dhéantar trí fhorais cháiliúcháin ainmnithe, mura n-ainmnítear iad mar fhorais atá díolmhaithe in Acht 2012 arna leasú;
- forais cháiliúcháin liostaithe agus na soláthraithe comhlachaithe;
- Soláthraithe Oideachas Mhúineadh an Bhéarla a fhaigheann údarú chun an IEM a úsáid.

Tagraíonn na ceanglais maidir le PEL atá sonraithe sa Chód AO seo don scéim seo go ginearálta. Tá socruithe PEL i bhfeidhm cheana ag roinnt soláthraithe. Tá an rogha ag an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta foráil a dhéanamh do leanúnachas na socruithe reachtúla PEL atá ann cheana féin ar feadh uastréimhse trí bliana ó thosach feidhme alt 29 d'Acht 2012 arna leasú.

Tá na hinstitiúidí seo a leanas díolmhaithe ón scéim reachtúil PEL:

- ollscoileanna a bunaíodh roimhe seo;
- ollscoileanna teicneolaíochta;
- institiúidí teicneolaíochta;
- an Foras Riaracháin, Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn, Acadamh Ríoga Ceoil na hÉireann, Coláiste Mhuire gan Smál, Institiúid Oideachais Marino, agus an Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha.

# 8 AGUISÍN TRÍ: RÁITEAS LONDAN 2012[22]

Ráiteas ar Phrionsabail maidir le hEarcú Eiticiúil Mac Léinn Idirnáisiúnta ag Gníomhairí agus Sainchomhairleoirí Oideachais

## 1. RÉAMHRÁ

### 1.1. COMHTHÉACS

Tá méadú réidh ag teacht ar líon na mac léinn a bhogann trasna teorainneacha náisiúnta anois ag lorg deiseanna oideachais agus oiliúna chun cáilíochtaí atá aitheanta go hidirnáisiúnta a bhaint amach. Tá foilseachán an OECD Education at a Glance 2010 bunaithe ar fhoinsí OECD agus Institiúid Staidrimh UNESCO, inar measadh gur cuireadh oideachas ar bhreis is trí mhilliún mac léinn treasach lasmuigh dá dtír dhúchais in 2008. Is é réamh-mheas roinnt tráchtairí go bhféadfadh an t-éileamh domhanda ar oideachas idirnáisiúnta dul chomh hard le hocht milliún nach mór faoi 2025.

In éineacht leis an bhfás ar líon na mac léinn idirnáisiúnta tháinig méadú ar líon na ngníomhairí oideachais agus na sainchomhairleoirí a sholáthraíonn seirbhísí dóibh. Is geallsealbhóirí lárnacha tábhachtacha iad gníomhairí agus sainchomhairleoirí oideachais san oideachas idirnáisiúnta.

### 1.2. CÚLRA AN TIONSCNAIMH

Is fóram é Cruinniú Comhchéime ar Ionracas an Oideachais Idirnáisiúnta ag a dtagann an RA, an Astráil, Ceanada, Éire, an Nua-Shéalainn agus SAM le chéile chun eolas agus taithí a roinnt agus chun comhréimsí cleachtais agus ábhar buartha a aithint, chomh maith le deiseanna comhair. Ag cruinniú tosaigh an Chruinnithe Comhchéime in 2010 mhol an Astráil cód eitice idirnáisiúnta comhpháirteach a fhorbairt do ghníomhairí oideachais idirnáisiúnta a d'éascódh cur chuige coiteann agus a mhéadódh caighdeáin eitice.

Is forbairt é an 'Ráiteas Prionsabal maidir le hEarcú Eiticiúil Mac Léinn Idirnáisiúnta ag Gníomhairí agus Sainchomhairleoirí Oideachais an tionscnamh a d'eascair ón togra sin. D'aontaigh an RA, an Astráil, Éire agus an Nua-Shéalainn leis an ráiteas prionsabail an 16 Márta.

Tá gach ceann de na tíortha sin ag obair anois i dtreo na bprionsabal a chur i bhfeidhm. Áirítear leis seo oiliúint agus cumarsáid do Ghníomhairí.

22 london_statement.pdf (britishcouncil.org)

### 1.3. CUSPÓIR

Cuireann an Ráiteas Ardleibhéil seo ar Phrionsabail dea-chleachtas chun cinn i measc na ngníomhairí oideachais agus na ngairmeacha comhairleacha a thacaíonn le mic léinn idirnáisiúnta. Is tacar comhaontaithe tuiscintí é an Ráiteas ar Phrionsabail maidir le hearcú mic léinn san oideachas idirnáisiúnta, agus maidir leis na seirbhísí a chuirtear ar fáil dóibh, ina bhféachtar le dea-chleachtas a chur chun cinn i measc gníomhairí agus sainchomhairleoirí oideachais. Léireofar an Ráiteas i gcur chuige gach tíre i leith an oideachais idirnáisiúnta.

Cuirfear tuarascáil ar ghníomhaíocht faoi bhráid an Chruinnithe Comhchéime in 2013.

Tá roinnt tosca fachtóirí a bhféadfaí díriú orthu faoi gach prionsabal agus tionscnaimh agus gníomhartha á gceapadh curtha ar fáil i gceangal leis an Ráiteas Prionsabail seo.

## 2. CREAT EITICIÚIL

Seo a leanas na gnéithe ar a bhfuil an Ráiteas ar Phrionsabail bunaithe:

- **Ionracas** – a bheith neamhchasta agus macánta i ngach déileáil ghairmiúil agus ghnó;
- **Oibiachtúlacht** – gan breithiúnas gairmiúil a chur i gcontúirt trí chlaonadh nó coinbhleacht leasa;
- **Inniúlacht ghairmiúil agus cúram cuí** – eolas gairmiúil agus seirbhís ghairmiúil a choinneáil, agus gníomhú go dícheallach;
- **Trédhearcacht** – coinbhleachtaí leasa a dhearbhú do gach cliant, go háirithe nuair a ghearrtar táillí seirbhíse ar an soláthraí oideachais agus ar an mac léinn ionchasach;
- **Rúndacht** – rúndacht na faisnéise pearsanta a fhaightear a urramú agus a chaomhnú agus gan faisnéis den sórt sin a scaoileadh chuig tríú páirtithe gan údarás cuí;
- **Iompar gairmiúil** – gníomhú i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin ábhartha agus déileáil le cliaint go hinniúil, go díograiseach agus go cothrom; agus
- **Gairmiúlacht agus cuspóir** – gníomhú ar bhealach a rachaidh chun leas na gcliant agus na sochaí i gcoitinne fiú an féinleas a bheith thíos leis; a aithint gurb é an tiomantas do na prionsabail seo an modh trína bhféadfaidh an ghairm iontaoibh agus muinín na ngrúpaí geallsealbhóirí (cliaint aonair, an pobal, lucht gnó agus rialtais) a thuilleamh.

## 3. PRIONSABAIL

- **Prionsabal 1** - Cleachtann gníomhairí agus comhairleoirí eitic ghnó freagrach.
- **Prionsabal 2** - Soláthraíonn gníomhairí agus comhairleoirí faisnéis reatha, chruinn agus mhacánta ar bhealach eiticiúil.

- **Prionsabal 3** - Forbraíonn gníomhairí agus comhairleoirí caidreamh gnó trédhearcach le mic léinn agus soláthraithe trí chomhaontuithe scríofa a úsáid.
- **Prionsabal 4** - Cosnaíonn gníomhairí agus sainchomhairleoirí leasanna mionaoiseach.
- **Prionsabal 5** - Soláthraíonn gníomhairí agus sainchomhairleoirí faisnéis reatha agus cothrom le dáta a chuireann ar chumas mac léinn idirnáisiúnta roghanna eolasacha a dhéanamh agus an gníomhaire nó an sainchomhairleoir a fhostófar á roghnú.
- **Prionsabal 6** - Gníomhaíonn gníomhairí agus comhairleoirí go gairmiúil.
- **Prionsabal 7** - Oibríonn gníomhairí agus sainchomhairleoirí le tíortha agus le soláthraithe cinn scríbe chun caighdeáin eiticiúla agus dea-chleachtais a ardú.

Tá doiciméad atá i gceangal le Ráiteas Londan ar fáil ag: Attachment-to-the-London-Statement.doc (live.com)

# 9 AGUISÍN A CEATHAIR: GLUAIS GIORRÚCHÁN, ACRAINMNEACHA AGUS TÉARMAÍ

| | |
|---|---|
| **Ardiontráil** | Tarlaíonn ardiontráil i gclár ardoideachais i gcásanna ina bhfuil torthaí foghlama chuid den chlár bainte amach ag foghlaimeoir trí réamhthaithí oideachais agus/nó oibre, agus go gceadaíonn an soláthraí AO di/dó dul isteach i gcéim níos déanaí den chlár (Bliain 2, Bliain 3 etc.) |
| **Gníomhaire** | féach gníomhaire earcaíochta/comhpháirtí earcaíochta/ comhairleoir earcaíochta |
| **Forais cháiliúcháin ainmnithe** (**DABanna**) | Cuimsíonn forais cháiliúcháin ainmnithe ollscoileanna a bunaíodh roimhe seo, Ollscoil na hÉireann, ollscoileanna teicneolaíochta, institiúidí teicneolaíochta agus RCSI. |
| **ELE** | oideachas mhúineadh an Bhéarla |
| **AO** | ardoideachas |
| **IEM** | An Marc Oideachais Idirnáisiúnta |
| **Ionduchtú** | Cuimsíonn an t-ionduchtú sraith gníomhaíochtaí arna seoladh ag soláthraithe le mic léinn nua, chun fáilte a fhearadh roimh na mic léinn; eolas a thabhairt dóibh ar struchtúir agus ar phróisis an tsoláthraí; a chinntiú go bhfuil siad ar an eolas faoi na háiseanna agus na seirbhísí a chuireann na soláthraithe ar fáil; agus a rá leo cá háit is féidir leo treoir agus tacaíocht a fháil le linn a gcuid ama mar mhac léinn. |
| **Clár bonnbhliana idirnáisiúnta** | Clár bonnbhliana idirnáisiúnta, a dtugtar clár 'cosáin' air uaireanta, a shainmhínítear mar chlár a sholáthraíonn an foirmiú is gá chun a chur ar chumas mac léinn idirnáisiúnta na híosriachtanais acadúla a chomhlíonadh (gach ní eile ar comhchéim) le bheith rannpháirteach i gclár AO in institiúid AO in Éirinn agus ar a gcompord agus iad ina gcónaí agus i mbun staidéir in Éirinn. |

| | |
|---|---|
| **Campas idirnáisiúnaithe** | Féadfar campas idirnáisiúnaithe a shainmhíniú mar cheann a ndéanann an instititiúid AO a dícheall go comhfhiosach dearcthaí idirnáisiúnta agus comparáideacha a leabú ina misin teagaisc, taighde agus rannpháirtíochta. |
| **Soláthraí nasctha** | Is soláthraí nasctha é soláthraí a bhfuil áit ghnó aige sa stát agus nach foras cáiliúcháin ainmnithe é, ach a dhéanann socrú le foras cáiliúcháin ainmnithe, faoina soláthraíonn sé clár oideachais agus oiliúna a shásaíonn gach ceann nó cuid de na réamhriachtanais do dhámhachtain ón bhforas cáiliúcháin ainmnithe. |
| **Forais cháiliúcháin liostaithe (LABS)** | Is catagóir nua d'fhorais cháiliúcháin iad forais cháiliúcháin liostaithe, a fhéadfaidh, faoi Acht 2012 arna leasú, rochtain rialaithe a fháil ar CNC dá ndámhachtainí féin. Rachaidh cuimsiú foirmiúil dámhachtainí den sórt sin laistigh den CNC chun tairbhe na bhfoghlaimeoirí a bhfuil na dámhachtainí seo acu, agus déanfar tuilleadh forbartha ar an CNC mar mheicníocht aitheantais do ghnóthachtálacha a bhaineann le foghlaim agus chun aitheantas do cháilíochtaí a fheabhsú. Is féidir go n-áireofar ar fhorais cháiliúcháin liostaithe forais ghairmiúla i réimsí amhail an dlí agus an chuntasaíocht; forais cháiliúcháin RA a eisíonn cáilíochtaí gairmiúla agus teicniúla; agus eagraíochtaí idirnáisiúnta nó forais earnála a bhronnann cáilíochtaí a bhaineann le tionscail, teicneolaíochtaí nó gairmeacha sonracha |
| **LRC** | Coinbhinsiún Aitheantais Liospóin |
| **CNC** | An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí |
| **Clár oideachais agus oiliúna** | Sainmhínítear clár oideachais agus oiliúna in alt 2(1) d'Acht 2012 arna leasú mar phróiseas trína bhfaigheann foghlaimeoir eolas, scil nó inniúlacht agus lena n-áirítear cúrsa staidéir, cúrsa teagaisc agus printíseacht |
| **Gníomhaire earcaíochta/ comhpháirtí earcaíochta/ sainchomhairleoir earcaíochta** | Is éard is gníomhaire, comhpháirtí nó sainchomhairleoir earcaíochta duine nó eagraíocht arna choimisiúnú ag soláthraí AO chun comhairle a chur ar mhic léinn idirnáisiúnta ionchasacha maidir lena chláir agus chun cabhrú leo leis an bpróiseas iarratais. |
| **Soláthraí ábhartha** | Sainmhínítear soláthraí ábhartha faoi alt 1 d'Acht 2012 arna leasú. Chun críocha an Chóid AO seo, áirítear leo ollscoileanna; ollscoileanna teicneolaíochta; institiúidí teicneolaíochta; RCSI; soláthraithe a bhfuil a gcuid clár bailíochtaithe ag QQI; soláthraithe a bhfuil údarás tarmligthe acu ó QQI chun dámhachtainí a dhéanamh; soláthraithe atá údaraithe ag QQI chun an IEM a úsáid; soláthraithe nasctha; agus |

| | |
|---|---|
| | forais cháiliúcháin liostaithe a sholáthraíonn clár amháin nó níos mó as a leanann a ndámhachtainí féin, atá cuimsithe laistigh den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí. |
| **Oideachas trasnáisiúnta** | Chun críocha an chóid AO seo, sainmhínítear oideachas trasnáisiúnta mar chlár oideachais as a leanann dámhachtain atá cuimsithe laistigh de CNC na hÉireann agus atá á chur ar fáil go hiomlán nó go páirteach ag soláthraí agus/nó foras cáiliúcháin atá lonnaithe in Éirinn, i dtír eile. |

## 10 AGUISÍN A CÚIG: ACMHAINNÍ DO SHOLÁTHRAITHE AGUS D'FHOGHLAIMEOIRÍ


Australia, Government of, *Examples of good practice in assisting international students to integrate with Australian students and the wider community* (2009): Good_Practice.pdf (internationaleducation.gov.au)

Australia, Government of, *National Code of Practice for Providers of Education and Training to Overseas Students 2018:* National Code of Practice for Providers of Education and Training to Overseas Students 2018 (internationaleducation.gov.au).

British Universities International Liaison Association (BUILA ) and UK Council for International Student Affairs (UKCISA), *The Code of Ethical Good Practice for UK Education Agents 2021*: National-Code-of-Ethical-Practice-for-UK-Education-Agents.pdf (buila.ac.uk)

Comhairle na hEorpa, Coinbhinsiún Liospóin um Aitheantas, CETS 165 - Convention on the Recognition of Qualifications concerning Higher Education in the European Region (coe.int).

Láithreán Gréasáin Oideachais in Éirinn: Study in Ireland - Education in Ireland

Comhairle na hEorpa, Recommendation on promoting automatic mutual recognition of qualifications and learning periods (2018): https://education.ec.europa.eu/education-levels/higher-education/inclusive-and-connected-higher-education/automatic-recognition-of-qualifications

Láithreán Gréasáin na Comhairle do Mhic Léinn Idirnáisiúnta in Éirinn: Irish Council for International Students | ICOS.

An Coimisiún um Athchóiriú an DLí, comhdhlúthú riaracháin ar an Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012 (nuashonraithe go 21 D. Fómhair 2020): Untitled (lawreform.ie)

An Líonra Náisiúnta um Ionracas Acadúil (NAIN), *Academic Integrity: National Principles and Lexicon of Common Terms* (QQI, 2021): academic-integrity-national-principles-and-lexicon-of-common-terms.pdf (qqi.ie).

An Líonra Náisiúnta um Ionracas Acadúil (NAIN), *National Academic Integrity Guidelines* (QQI, 2021): academic-integrity-guidelines.pdf (qqi.ie).

Netherlands, Dutch Code of Conduct for International Students in Higher Education (2022): Code-of-Conduct-2022-1.pdf (internationalstudy.nl)

New Zealand, Government of, *The International Student Wellbeing Strategy 2017*: internationlStudentWellbeingStrategyJune2017.pdf (education.govt.nz)

New Zealand Qualification Authority, *The Education (Pastoral Care of Tertiary and International Learners) Code of Practice 2021*: NZQA_Pastoral-Care-Code-of-Practice_English.pdf

Cáilíocht agus Dearbhú Cáilíochta (QQI), *Croí-Threoirlínte Reachtúil um Dhearbhú Cáilíochta QQI (QQI, 2016):* qg-1-core-statutory-quality-assurance-guidelines.pdf (qqi.ie)

Cáilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta na hÉireann (QQI), *Beartas agus Critéir chun Aitheantas Acadúil do Cháilíochtaí Eachtracha a Éascú* (QQI, 2023): statutory-quality-assurance-guidelines-for- providers-of-blended-and-fully-online-programmes-2023_1.pdf (qqi.ie)

Quality and Qualifications Ireland (QQI), *QQI Awards Standards for Pre-Higher Education Foundation Awards for International Students* (QQI, 2015): ify-standards-201115-lr3.pdf (qqi.ie)

Quality and Qualifications Ireland (QQI), Statutory Quality Assurance Guidelines for Providers of Blended and Fully Online Programmes (QQI, 2023): statutory-quality-assurance-guidelines-for-providers-of-blended-and-fully-online-programmes-2023_1.pdf (qqi.ie)

UK Council for International Student Affairs (UKCISA), *Code of practice for members 2021:* Code of practice.pdf (ukcisa.org.uk)

UK Council for International Student Affairs (UKCISA), *The National Code of Ethical Practice for UK Education Agents 2021*: National-Code-of-Ethical-Practice-for-UK-Education-Agents-FINAL-Flag-version-2.pdf (buila.ac.uk).

(UK) Office for Students, *Topic Briefing – Supporting International Students*: Topic briefing: Supporting international students - Office for Students

(UK) Quality Assurance Agency for Higher Education, *Supporting and Enhancing the Experience of International Students in the UK* (2023): https://www.qaa.ac.uk/docs/qaa/international/supporting-and-enhancing-the-experience-of-international-students-in-the-uk. pdf?sfvrsn=8e39ab81_4"Supporting and Enhancing the Experience of International Students in the UK (qaa.ac.uk)

26/27 Lána Denzille,
Baile Átha Cliath 2
Éire.
t +353 (0) 1 905 8100